2024.M56T

2024L033G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 13 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Dáta Breithe** | / / — Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla |
| **Stampa an Ionaid** | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo. Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** ar cheistpháipéar ar leith ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Deich** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **Ceithre** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus **DHÁ** cheist ar bith eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá gach ceist i Roinn 2 ar cómharc.**

**Déanamh agus Múnla an áireamhháin a úsáideadh:**

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Céard dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás atá ar fáil dó.

| | |
|---|---|
| **UMB (*ATM*)** | |
| **CCÚT (*DIRT*)** | |
| **RCB (*APR*)** | |

**2.** Roghnaigh na téarmaí cuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá téarma **amháin** ann nach mbaineann le hábhar.)

**Cúirt Iniúchóirí**

**Parlaimint**

**Cúirt Bhreithiúnais**



Toghann saoránaigh an Aontais Eorpaigh baill ______________________________ na hEorpa go díreach. Cinntíonn ______________________________ na hEorpa go gcaitear buiséad an AE mar is ceart.

**3.** Cuir ciorcal thart ar **an rogha cheart** i n**gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Roinneann struchtúr feidhmiúil an gnólacht ina **ranna/shuíomhanna tíreolaíochta**.

**(ii)** Tagraítear do struchtúr eagraíochta atá bunaithe ar fhoireann mar struchtúr **maitríse / táirge**.

**(iii)** Ciallaíonn réise **chúng / leathan** rialúcháin go bhfuil líon mór fostaithe ag tuairisciú do bhainisteoir amháin.

**(iv)** Baineann díshrathú le sraitheanna fostaithe **a chur leis / a bhaint den** ghnólacht.


**4.** Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an **modh leathnaithe** lena mbaineann gach ceann de na ráitis thíos.

| Ráiteas | Cumasc | Saincheadúnas | Táthcheangal | Comhghuaillíocht Straitéiseach |
|---|---|---|---|---|
| Ceadaíonn SUBWAY d'úinéirí gnólachtaí eile a mhodh gnó agus a lógó a úsáid ar tháille agus ar chéatadán de na brabúis. | | | | |
| Nasc Apple go sealadach le mastercard nuair a chuir said Pay amach. | | | | |
| Nasc Disney+ agus PIXAR a ngnólachtaí le chéile go buan chun cuideachta nua a chruthú. | | | | |
| Cheannaigh Coca-Cola níos mó ná 51% de scaireanna Costa Coffee le bheith mar úinéir mar air. | | | | |

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh gnólacht a bheith níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**6.** Léirítear sa léaráid thíos saolré táirge. Freagair na ceisteanna a leanann í.




**(i)** Sainaithin an chéim thuas a bhfuil an lipéad céim 3 uirthi.__________________________

**(ii)** Sainaithin céim i saolré táirge ag a dtiteann na díolacháin.

_____________________________________________________________________________

**7.** Scríobh an focal **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|
| Fanann costais athraitheacha mar an gcéanna is cuma cé mhéad aonad d'earra a tháirgtear. | |
| Is é atá sa phointe meá ar mheá ná an pointe ag a bhfuil ioncam agus costais cothrom lena chéile. | |
| Is sampla de chostas seasta é cíos. | |
| Is é atá sa lamháil sábháilteachta ná díolacháin tuartha lúide an pointe meá ar mheá. | |

**8.** Ríomh an pá glan bliantúil a thugann Ian Ó Cionnaith abhaile leis ó na sonraí seo a leanas.

| **Ainm:** Ian Ó Cionnaith | **€** | **€** | **€** |
|---|---|---|---|
| Pá comhlán | | | 38,000 |
| **Asbhaintí:** | | | |
| ÍMAT: (20% de €38,000)<br>-Creidmheas Cánach | 7,600<br>- 3,550 | | |
| ÍMAT glan | | **A** | |
| ÁSPC: (4% de €38,000) | | **B** | |
| MSU: (3% de €38,000) | | **C** 1,140 | |
| **Asbhaintí iomlána:** | | | **D** |
| **Pá glan bliantúil a thugtar abhaile** | | | **E** |

**Obair:**

**9.** Meaitseáil an míniú leis an **ngníomhaireacht / eagraíocht** Stáit ábhartha as an liosta thíos.

**Oifig Fiontair Áitiúil (LEO)** **GFT Éireann** **Fiontraíocht Éireann**

| Míniú | Gníomhaireacht /Eagraíocht |
|---|---|
| Cuidíonn sí le gnólachtaí Éireannacha leathnú amach go dtí margaí eachtracha. | |
| Soláthraíonn sí oiliúint, meantóireacht agus cúnamh deontais d'fhiontraithe atá ag bunú a ngnólachta. | |
| Meallann sí cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí domhanda lena ngnó a bhunú in Éirinn. | |

**10.** Sainaithin na **trí** ghné eile a bhaineann le hanailís LLDB/LDDB.

| | |
|---|---|
| **1.________________** | **3. __________________** |
| **2. Laige/Dúshlán** | **4.__________________** |

**LLDB/LDDB**

**11.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a bhféadfadh gnólacht úsáid a bhaint astu chun an infhiontraíocht a spreagadh.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**12.** Meaitseáil an réiteach ceart ar shárú conartha leis an míniú comhfhreagrach chun an tábla thíos a chomhlánú.

**An conradh a chealú** **Cúiteamh** **Sain-chomhlíonadh**

| **Míniú** | Ordaíonn an Breitheamh an conradh a chomhlíonadh | Cuirtear an conradh ar ceal | Íoctar suim airgid leis an bpáirtí eile. |
|---|---|---|---|
| **Réiteach** | | | |

**13.** Críochnaigh na céimeanna i gcruthú foirne:

1.________ → 2._________ → 3. Normú → 4._________

**14.** Scríobh **poiblí** nó **príobháideach** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas chun a chur in iúl cé acu atá an ráiteas ag tagairt do Chuideachta Phoiblí Theoranta nó do Chuideachta Phríobháideach Theoranta.

| | **Ráiteas** | **Poiblí nó Príobháideach** |
|---|---|---|
| **(i)** | Is féidir leis an gcuideachta caipiteal a chruinniú trí scaireanna a dhíol leis an bpobal ar an stocmhargadh. | |
| **(ii)** | Is féidir leis an gcuideachta seo uasmhéid de 149 scairshealbhóir a bheith aici. | |
| **(iii)** | Ní mór CPT (*PLC*) a scríobh i ndiaidh ainm na cuideachta. | |

**15.** Sa tábla seo a leanas, is liosta de théarmaí gnó atá gColún 1 agus is liosta de mhíniúcháin atá i gColún 2.

| **Colún 1: Téarmaí Gnó** | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|
| **1.** Plean Oirbheartaíochta | **A** Plean a chlúdaíonn reáchtáil an ghnólachta ó lá go lá. |
| **2.** Plean Oibríochta | **B** Plean fadtréimhseach don ghnólacht. |
| **3.** Plean Teagmhais | **C** Ag leagan amach líon agus cineál na foirne atá de dhíth chun cuspóir na heagraíochta a bhaint amach. |
| **4.** Plean Straitéiseach | **D** Plean a leagann amach fís/aidhm fhoriomlán na heagraíochta. |
| **5.** Ráiteas misin | **E** Plean gearrthéarmach do ghnólacht. |
| | **F** Plean cúltaca chun déileáil le himeachtaí gan choinne nó le héigeandálaí. |


Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoi uimhir an téarma gnó chuí thíos. Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.

| **Téarma Gnó** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Míniúchán** | | | | | |

# Freagarleabhar do Roinn 2

## Treoracha

Tá Ceisteanna **Roinn 2** ar cheistpháipéar ar leith.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach páirt a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach grafpháipéir sa Fhreagarleabhar seo. Ar leathanach an ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 13 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00

2024.M56T 2024L033G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gnó

## Roinn 2
## Gnáthleibhéal

Déardaoin 13 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:00

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**
**Ceithre** cheist as **Roinn 2** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**
Ceist **amháin** as **Cuid 2**
agus **dhá** cheist ar bith eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir i Roinn 2 ar cómharc.**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear as ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Roinn 2 — 300 marc

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair ceithre cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**,
Ceist **amháin** as **Cuid 2**,
Agus **dhá** cheist ar bith eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.**

## Cuid 1

**Ceist 1** — **Daoine sa Ghnó**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



Cheannaigh Lily uaireadóir cliste nua ar €195. Tar éis coicíse stop scáileán tadhaill an uaireadóra ag oibriú, agus ní raibh ag éirí leis an bhfearas luchtú mar is ceart. Nuair a d'fhill sí ar an siopa, thug bainisteoir an tsiopa seoladh an déantóra do Lily agus dúirt sé léi gur chóir di teagmháil a dhéanamh le déantóir an uaireadóra.

**(A)** Ainmnigh an dlí tomhaltóra a chosnaíonn Lily sa chás seo. (10)

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoráil sa dlí a d'ainmnigh tú thuas atá ábhartha i gcás Lily**.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál sásaimh atá Lily ina dteideal sa chás thuas. (20)




**Oibriú de réir rialach pleanáilte ag píolótaí réigiúnacha Aer Lingus**
Le déanaí, vótáil píolótaí Emerald Airlines, a fheidhmíonn gréasán réigiúnach Aer Lingus, ar son gníomhaíocht thionsclaíoch.
*Arna chur in oiriúint ó irishtimes.com*

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma **oibriú de réir rialach.**

**(ii)** Seachas oibriú de réir rialach, tabhair breac-chuntas ar ghníomhaíocht thionsclaíoch de chineál **amháin** eile. (15)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le dea-chaidreamh tionsclaíoch san ionad oibre. (15)

**(E)** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm atá ag ceardchumann. (15)

| Ceist 2 | An Timpeallacht Intíre |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Seoladh Ór, Fíor-Im Éireannach, i mí Dheireadh Fómhair 2021. Is i gCeann Toirc, Contae Chorcaí a dhéanann Uachtarlanna Chorcaí Thuaidh é, **comharchumann** atá faoi úinéireacht feirmeoirí.

*Arna chur in oiriúint ó orbutter.ie*

**(A)** **(i)** Feidhmíonn Ór, Fíor-Im Éireannach, san earnáil thánaisteach i ngeilleagar na hÉireann.

Mínigh céard is brí leis an **earnáil thánaisteach**.

**(ii)** Ainmnigh an **dá** earnáil eile sa gheilleagar. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán atá roimh an earnáil thánaisteach in Éirinn. (15)

**(C)** Mínigh an téarma **comharchumann** mar a luaitear sa téacs thuas é. (10)

Revenue

**An tríú cuid den cháin chorparáide ar fad á íoc ag trí ghnólacht**

De réir sonraí ó na coimisinéirí ioncaim, tá ioncam na hÉireann ó chain chorparáide ag brath go mór ar líon beag de chuideachtaí móra ilnáisiúnta atá faoi úinéireacht eachtrach.

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(D)** **(i)** Liostaigh **trí** cháin, seachas cáin chorparáide, a bhailíonn Rialtas na hÉireann.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt **amháin** a bhaineann le Rialtas na hÉireann a bheith ag brath ar cháin chorparáide. (20)

**(E)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann geilleagar na hÉireann as ráta íseal dífhostaíochta. (15)

| Ceist 3 | An Timpeallacht Idirnáisiúnta |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Comhardú na nÍocaíochtaí, R1 2023**




An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

**(A)** **(i)** Ag baint úsáid as na figiúirí thuas, ríomh Comhardú na nÍocaíochtaí do R1 2023. **Taispeáin do chuid oibre**.

**(ii)** Cuir in iúl cé acu barrachas nó easnamh atá ann**.** (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí na hÉireann as trádáil idirnáisiúnta. (15)

**(C)** Mínigh **trí** cinn ar bith de na bacainní seo a leanas ar thrádáil idirnáisiúnta:

**(i)** Cuóta

**(ii)** Taraif

**(iii)** Trádbhac

**(iv)** Fóirdheontais (20)



Féachann gnólacht domhanda ar an domhan mar mhargadh amháin agus bíonn sé mar chuspóir aige an táirge céanna a dhíol ar fud an domhain.

**(D)** Liostaigh **dhá** shampla de ghnólachtaí domhanda. (10)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán a bhíonn roimh ghnólachtaí domhanda nuair a bhíonn siad ag feidhmiú i margaí idirnáisiúnta. (15)

| Ceist 4 | Daoine sa Ghnó |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, bronnadh €30,000 ar oibrí a raibh seirbhís de 51 bliain aige, mar gheall ar dhífhostú éagórach. *Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis, seachas aois, le dífhostú éagórach. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh neamhreachtach **amháin** chun díospóid caidrimh thionsclaíoch a réiteach. (10)

Cosnaíonn an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, tomhaltóirí ar chleachtais tráchtála éagóracha.

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na cleachtais seo a leanas atá toirmiscthe faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007:

**(i)** Fógraíocht bhréagach nó mhíthreorach

**(ii)** Cur síos bréagach ar tháirge

**(iii)** Praghsáil bhréagach (15)

**(D)** Ainmnigh an eagraíocht atá freagrach as an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, a chur i bhfeidhm. (10)

**(E)** Mínigh **trí** cinn de na gnéithe seo a leanas a bhaineann le conradh dlíthiúil:

**(i)** Comaoin

**(ii)** Inniúlacht Chonraithe

**(iii)** Toiliú le Conrú

**(iv)** Dlíthiúlacht Cuspóra (20)

## Cuid 2


**Ceist 5** **Fiontraíocht / Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Is forbróir Meiriceánach físchluichí mór le rá é Blizzard Entertainment, a bhfuil oifig acu i gcathair Chorcaí. Cuireann an chuideachta pacáiste cuimsitheach cúraim sláinte agus árachais ar fáil dá fostaithe agus glacann na fostaithe páirt in imeachtaí foirne i gcomhar le fostaithe de chuid an chomhlachta ina hiomláine. *Arna chur in oiriúint ó Blizzard.com*

**(A)** Mínigh riosca **amháin** agus luach saothair **amháin** d'fhiontraithe a bhunaíonn a ngnólacht féin. (15)

**(B)** **(i)** Seo thíos íomhá d'Ordlathas Riachtanas Maslow. Sainaithin na céimeanna atá in easnamh agus a bhfuil na lipéid 1 agus 4 orthu.
(**Scríobh do chuid freagraí** i do fhreagarleabhar).




**(ii)** Agus úsáid á baint agat as an eolas ón téacs thuas, sainaithin an dóigh a sásaíonn Blizzard Entertainment riachtanais sábháilteachta **agus** riachtanais shóisialta a gcuid fostaithe. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as stíl dhaonlathach cheannaireachta a bheith in úsáid ag na bainisteoirí. (15)

**(D)** Oibríonn fostaithe Blizzard go rathúil i bhfoirne chun a lán d'aidhmeanna an ghnólachta a bhaint amach. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith ag obair i bhfoirne. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar dhualgas **amháin** atá ar Blizzard mar rialaitheoir sonraí maidir le sonraí a gcustaiméirí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). (10)

| Ceist 6 | Bainistíocht |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Revolut**

Tá an aip bhaincéireachta agus íocaíochtaí Revolut ag seoladh árachas gluaisteán in Éirinn i gcomhpháirtíocht leis an árachóir AIG.

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann custaiméirí as aipeanna a úsáid le haghaidh seirbhísí baincéireachta. (15)

**(B)** Ainmnigh agus mínigh **dhá** chineál árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teaghlach, seachas árachas gluaisteáin. (15)

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na prionsabail árachais seo a leanas agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás:

**(i)** Meon lánmhaith

**(ii)** Leas inárachais

**(iii)** Slánaíocht. (20)

Tá Revolut tar éis pleananna a fhógairt freisin chun táirgí morgáiste a thairiscint dá 30 milliún custaiméir timpeall an domhain den chéad uair.

**(D)** Mínigh an dóigh a n-oibríonn **morgáiste**. (10)

**(E)** Liostaigh **trí** thoisc a ndéanfaidh institiúid airgeadais/cuideachta teicneolaíochta airgeadais measúnú orthu sula dtabharfaidh siad morgáiste do chustaiméir. (15)

| Ceist 7 | Bainistíocht |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**De réir staidéir, dhiúltódh 76% d'fhostaithe do phoist nach sásódh riachtanais sholúbtha oibre.**

Tá fostaithe ag iarraidh níos mó ná pá maith agus iad ag lorg fostaíochta. Tugann taighde le tuiscint go bhfuil Bainisteoirí Acmhainní Daonna ag féachaint ar shlite eile chun foireann oibre a mhealladh agus a choinneáil.

*Arna chur in oiriúint ó rte.ie*



**(A)** Mínigh **dhá** chineál éagsúla luacha saothair (airgeadais nó neamhairgeadais), seachas pá, is féidir le fostóirí a thairiscint d'fhostaithe. (15)

**(B)** Mínigh **dhá** cheann ar bith de na feidhmeanna seo a leanas a bhíonn ag Bainisteoir Acmhainní Daonna:

**(i)** Pleanáil Daonchumhachta

**(ii)** Oiliúint agus Forbairt

**(iii)** Measúnú Feidhmíochta (15)

**(C)** Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna sainchuntas poist agus sonraíocht faoin bpearsa a ullmhú sula n-earcaítear baill foirne nua.

**(i)** Liostaigh **dhá** ní a bhíonn i sainchuntas poist.

**(ii)** Liostaigh **dhá** ní a bhíonn i sonraíocht faoin bpearsa. (20)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thionchar dhiúltacha a bhíonn ag an teicneolaíocht ar fhostaithe. (15)

**(E)** Mínigh an téarma **Cumasú Fostaithe**. (10)

| **Ceist 8** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

**SuperValu**

**Fíorbhia, Fiordhaoine**

CRAOBHCHOMÓRTAS SINSIR NA hÉIREANN SA PHEIL

SuperValu

URRAITHEOIR BRÓDÚIL




**(A)** Olltáirgtear a lán de na hearraí a dhíoltar in Supervalu**.**

**(i)** Mínigh an téarma **olltáirgeadh**. Bain úsáid as sampla chun do fhreagra a léiriú.

**(ii)** Ainmnigh modh táirgthe **amháin** eile. (15)

**(B)** Tá Supervalu mar chuid de Ghrúpa Musgrave, ar mórdhíoltóir bia de chuid na hÉireann é.

**(i)** Mínigh an téarma **mórdhíoltóir**.

**(ii)** Léirigh, agus úsáid á baint agat as léaráid, bealach dáileacháin ina bhfuil mórdhíoltóir san áireamh. (20)

**(C)** Coinníonn SuperValu stoc de réimse táirgí féinbhranda.
Mínigh, agus sampla san áireamh agat, an téarma **táirgí féinbhranda.** (10)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** theicníc chun díolacháin a chur chun cinn a bhféadfadh miondíoltóirí ar nós SuperValu úsáid a bhaint astu chun díolacháin a mhéadú. (15)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann SuperValu as urraíocht a dhéanamh ar Chraobhchomórtas Sinsir na hÉireann sa Pheil. (15)

| **Ceist 9** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




In 2023 sheol Keogh's Beárbaiciú Deataithe & Fuisce Teeling, criospa nua blaistithe.

*Arna chur in oiriúint ó checkout.ie*

**(A)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** chun smaointe a ghiniúint a bhféadfadh gnólacht mar Keogh's úsáid a bhaint as.

**(ii)** Mínigh an téarma **forbairt fréamhshamhla**. (15)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ndéanfadh gnólacht taighde margaidh sula seolfadh sé táirge nua. (15)

**(C)** Mínigh **dhá** fheidhm atá ag pacáistiú táirge i gcás gnólachta ar nós Keogh's. (15)




Tá Keogh's, an déantóir criospaí, tar éis a fhógairt go mbeidh an chuideachta ag tógáil saoráid nua táirgthe ar luach €10 milliún in 2024 de réir mar a leanann an gnólacht ag fás.

*Arna chur in oiriúint ó irishtimes.com*

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh gnólacht roghnú leathnú a dhéanamh. (15)

**(E)** Mínigh **dhá** fhoinse fhadtréimhseacha airgeadais ar bith as an liosta thíos a d'fhéadfadh Keogh's a úsáid chun an leathnú a mhaoiniú.

**(i)** Deontas

**(ii)** Iasacht Fhadtréimhseach

**(iii)** Scairchaipiteal (15)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear as ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024 – Gnáthleibhéal

# Gnó – Roinn 2

Déardaoin 13 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:00